An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE

for teachers

Staidéar Gnó

# Leabhrán Acmhainní Lá 2 FGL

Ionad Oideachais Mhuineacháin

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

www.jct.ie

**Clár**


Téarmaíocht na Sraithe Sóisearaí ........ 3

Torthaí Foghlama ........ 5

Gníomhaíocht: Láidreachtaí, Dúshláin & Deiseanna ........ 8

Measúnú Rangbhunaithe 2 ........ 8

Gnéithe den Mheasúnú Foirmtheach ........ 9

Macnamh an Mhúinteora ........ 9

Aonad Foghlama: A bheith i do Thomhaltóir Eolasach ........ 10

Gníomhaíocht: Cearta agus Freagrachtaí Tomhaltóra ........ 11

Bileog Oibre Tomhaltóra 'Powtoon' ........ 12

Gníomhaíocht: Cásanna Tomhaltóra ........ 13

Gníomhaíocht: Gníomhaireachtaí Tacaíochta ........ 14

Dréimire an Aiseolais ........ 15

Aiseolas Foirmitheach ........ 16

Gníomhaíocht: Príomh Scileanna na Sraithe Sóisearaí ........ 17

Ag Nascadh Torthaí Foghlama ........ 18

Aonad Foghlama Roinne ........ 19

Torthaí Foghlama Féideartha d'Aonaid Foghlama ........ 20

Pleananna Samplacha ........ 21

Aonad Foghlama Samplach – Coigilteas agus Iasacht ........ 23

Nótaí ........ 24

Nótaí ........ 25

# Téarmaíocht na Sraithe Sóisearaí

**Tasc Measúnaithe (TM)**
Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann scoláirí le linn am ranga, agus nach marcálann an múinteoir ranga, ach a chuirtear chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit le haghaidh a mharcála. Is é an CNCM a shonraíonn ábhar an Taisc Mheasúnaithe agus baineann sé leis na torthaí foghlama ar a mbunaítear an dara Measúnú Rangbhunaithe.

**Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna)**
Is é an cur síos is fearr ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe gur ócáidí iad nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí ag úsáid na saintascanna a leagtar amach i sonraíocht an ábhair. Déantar cur síos soiléir ar na tascanna faoi mar a dhéantar ar na critéir don mheasúnú chun tacú le breithiúnas múinteoirí. Tá na critéir le fáil sna Gnéithe Cáilíochta a bhíonn nasctha le gach Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil cosúlacht idir an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa seomra ranga, i gcás an Mheasúnaithe Rangbhunaithe déantar breith an mhúinteora a thaifead le haghaidh an Athbhreithnithe ar Mheasúnú agus ar Fhoghlaim Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus do scoláirí.

**Gnéithe Cáilíochta** (Sonraíocht an Staidéar Gnó lth. 21)
Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas scoláirí agus múinteoirí ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh múinteoirí chun píosaí de shaothar scoláirí a mheas.

**Measúnú Foirmitheach** (Creat lth. 35-36)
De réir mar a thugtar isteach níos mó measúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim i seomraí ranga beidh sé sin mar bhonn agus mar thaca ag an tSraith Shóisearach. Sa mheasúnú foirmitheach, bíonn múinteoirí agus scoláirí ag machnamh conas atá an fhoghlaim ag dul chun cinn agus ag cinneadh ar na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú. Is cuid ríthábhachtach den mheasúnú foirmitheach an t-aiseolas a thugann múinteoirí dá gcuid scoláirí. Trí réimse de ghníomhaíochtaí measúnaithe, cabhraíonn an múinteoir leis an scoláire a aithint an méid atá bainte amach aige agus an áit ar féidir tuilleadh foghlama agus forbartha a dhéanamh. Chun an cineál foghlama a fheictear thuas a éascú, forbróidh ról an mhúinteora agus dinimic na hidirghníomhaíochta idir an múinteoir agus an scoláire. Cuirfidh múinteoirí níos mó béime ar mheasúnú a fhí isteach ina gcuid teagaisc chun gur fearr an mhonatóireacht a dhéanfaidh siad ar dhul chun cinn scoláirí ina gcuid foghlama agus a aithneoidh siad conas is féidir leo cabhrú le scoláirí machnamh ar a gcuid foghlama agus anailís chriticiúil a dhéanamh uirthi.

**Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí** (Creat lth. 46)
Tabharfaidh an PGSS aitheantas do ghnóthachtáil trasna na réimsí foghlama uile de réir mar a oireann: Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid Tosaíochta Foghlama, Réimsí eile foghlama. Beidh an PGSS bainteach le agus tuairisceoidh sé ar ghnóthachtáil sna heilimintí measúnaithe uile lena n-áirítear measúnú leanúnach, foirmitheach; Measúnú Rangbhunaithe; agus gráid an CSS a chuimsíonn torthaí ó scrúduithe stat-teistithe agus Tascanna Measúnaithe.

Socrófar ar bhonn náisiúnta leagan amach an PGSS. Cuirfidh an scoil le chéile é agus gheobhaidh scoláirí é san fhómhar i ndiaidh an tríú bliain, nuair a bheidh torthaí uile measúnaithe ón CSS agus ón scoil ar fáil agus deimhnithe.

**Intinní Foghlama agus Torthaí Foghlama** (Gluais Téarmaí CNCM)

**Intinn Foghlama:**
Is ráiteas é an intinn foghlama do cheacht nó do shraith ceachtanna, ráiteas a chruthaíonn an múinteoir, a chuireann síos go soiléir ar an rud is mian leis an múinteoir a bheidh ar eolas ag na scoláirí, a thuigfidh siad agus a bheidh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

**Toradh Foghlama:**
Is ráitis i sonraíochtaí curaclaim iad na Torthaí Foghlama a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

**Cruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)**(Creat lth.39-40)
I gcruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, roinnfidh agus pléifidh múinteoirí samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint ar cháilíocht fhoghlaim scoláirí. Beidh gach cruinniú in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair sainiúil don ábhar agus díreoidh sé ar Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanann an bliainghrúpa áirithe.

**Critéir Ratha** (Gluais Téarmaí CNCM)
Tá ceangal idir critéir ratha agus intinní foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a cheapann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheidh ar obair rathúil. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh faoi cháilíocht fhoghlaim scoláirí.

**Measúnú Suimitheach** (Gluais Téarmaí CNCM)
Is rud suimitheach é an measúnú nuair a úsáidtear é chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim scoláire ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama. Is é is cuspóir dó achoimre a thabhairt ar ghnóthachtáil na scoláirí agus a shocrú cé acu agus cá mhéad a thaispeáin siad tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le critéir ratha chomhaontaithe nó le gnéithe cáilíochta.

**Aonad Foghlama**
Nascann Aonad Foghlama Torthaí Foghlama a leagann amach go soiléir cad é a ba chóir a bheidh ar eolas ag scoláirí, a thuigfidh siad agus a bheidh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc laistigh den aonad sin.

# Torthaí Foghlama

## Snáithe 1: Airgeadas pearsanta

Díríonn airgeadas pearsanta ar an scoláire a bheith ag forbairt sraith scileanna, eolais agus luachanna a chuireann ar a chumas cinntí eolasacha a dhéanamh chun a chuid acmhainní airgeadais a bhainistiú go héifeachtach agus go freagrach. Sa snáithe seo foghlaimíonn an scoláire faoina chúrsaí airgeadais a bhainistiú, faoi iompar freagrach tomhaltóra agus faoin luach a bhaineann le hacmhainní a úsáid go heiticiúil agus go héifeachtúil chun tairbhe daoine aonair agus na sochaí.

**GNÉITHE: Mo chuid acmhainní a bhainistiú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní pearsanta atá ar fáil dó chun freastal ar a chuid riachtanas agus mianta agus anailís a dhéanamh ar an méid a imríonn sásamh na riachtanas agus na n éileamh sin tionchar ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí

1.2 Foinsí ioncaim agus caiteachais a shainaithint agus a rangú, comparáid a dhéanamh idir na roghanna atá ar fáil chun an bainistiú is fearr a dhéanamh ar acmhainní airgeadais, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le gach rogha acu agus breithiúnais eolasacha agus fhreagracha a dhéanamh

1.3 Saolré airgeadais pearsanta a chur le chéile chun riachtanais airgeadais ag céimeanna difriúla saoil a shainaithint

1.4 Na príomhchánacha agus na príomhtháillí pearsanta a mhíniú agus an tráth agus an chúis a bhféadfaidís a theacht chun cinn a thabhairt le fios

1.5 Cúiseanna a shainaithint chun airgead a choigilt agus a fháil ar iasacht, na cúiseanna sin a cheangal le foinsí cuí airgeadais a aimsiú i ndáil lena gcuspóir, lena gcostais agus lena rioscaí

1.6 Cineálacha cuí árachais a shainaithint le haghaidh riachtanais phearsanta ar leith agus costais, tairbhí agus rioscaí a mheas

**GNÉITHE: Cúrsaí gnó a fhiosrú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.7 Idirdhealú a dhéanamh idir a chearta agus a fhreagrachtaí mar thomhaltóir agus léirthuiscint a bheith aige dóibh

1.8 Comparáid a dhéanamh idir na seirbhísí a sholáthraíonn gníomhaireachtaí do thomhaltóirí agus institiúidí airgeadais chun cabhrú agus chun tacú le custaiméirí

1.9 Díospóireacht a dhéanamh faoi na saincheisteanna eiticiúla agus inbhuanaitheachta a eascraíonn as an úsáid a bhaineann sé as earraí agus as seirbhísí agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a iompar mar thomhaltóir cur le forbairt inbhuanaithe

1.10 Plé agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n imríonn domhandú agus forbairtí teicneolaíochta tionchar ar rogha agus ar iompar tomhaltóirí

**GNÉITHE: Scileanna a úsáid don ghnó**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.11 Duilleog phá a léirmhíniú agus dliteanas pearsanta cánach de bharr fostaíochta a ríomh

1.12 Buiséad a ullmhú agus anailís a dhéanamh air, an staid airgeadais a fháil amach, gníomhartha cuí a mholadh agus an anailís a chur i láthair i bhfoirm táblaí agus graf

1.13 Monatóireacht agus ríomh a dhéanamh ar shonraí ioncaim agus caiteachais, an staid airgeadais a fháil amach, gníomhartha cuí a mholadh agus an anailís a chur i láthair i bhfoirm táblaí agus graf

## Snáithe 2: Fiontraíocht

Spreagann Fiontraíocht an scoláire chun deiseanna a shainaithint agus iad a thiontú ina ngníomhaíochtaí praiticiúla spriocdhírithe taobh istigh den ghnó agus den tsochaí i gcoitinne trína thuiscint, trína scileanna agus trína luachanna a fhorbairt agus a úsáid. Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire faoi bheith fiontraíoch, faoi fheidhmeanna eagraíochta agus faoin timpeallacht ghnó.

**GNÉITHE: Mo chuid acmhainní a bhainistiú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.1 Cineálacha difriúla fiontair airgeadais, chultúrtha agus shóisialta a shainaithint agus léirthuiscint a bheith aige don ról atá ag gach ceann acu sa tsochaí

2.2 Cur síos a dhéanamh ar scileanna agus ar shaintréithe an té atá fiontraíoch agus léirthuiscint a bheith aige do ról an fhiontraí in eagraíocht, sa tsochaí agus sa gheilleagar

2.3 Dealú idir fostaíocht, obair agus saorálaíochas, agus gnéithe, tairbhí, luach saothair agus gairmeacha laistigh díobh uile a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu

**GNÉITHE: Cúrsaí gnó a fhiosrú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.4 Idirdhealú a dhéanamh idir cearta agus freagrachtaí an fhostóra agus an fhostaí ó thaobh seasamh dlíthiúil, sóisialta, comhshaoil agus eiticiúil de

2.5 Na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha a bhíonn ag eagraíocht ar an bpobal ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil de a iniúchadh

2.6 Tionchar teicneolaíochtaí digiteacha ar eagraíocht a phlé agus díospóireacht a dhéanamh faoin luach saothair agus faoi na costais a bhaineann leo

**GNÉITHE: Scileanna a úsáid don ghnó**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.7 Taighde margaidh a dhéanamh chun deis fiontraíochta a iniúchadh agus anailís a dhéanamh ar thorthaí an taighde, iad a léirmhíniú agus iad a chur in iúl agus úsáid á baint as téarmaíocht agus as léiriúcháin ábhartha

2.8 Cumasc margaíochta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun táirge nó seirbhís nua nó ceann atá ann cheana a chur chun cinn

2.9 Plean gnó simplí a fhorbairt do tháirge nó do sheirbhís nua nó do cheann atá ann cheana

2.10 Cáipéisí tábhachtacha gnó a úsáideann eagraíocht ar chúinsí cuntasachta chun a cuid idirbheart a bhainistiú, a chur i gcrích agus a léirmhíniú

2.11 Meas a dhéanamh ar a thábhachtaí is atá sreabhadh airgid eagraíochta a phleanáil, foinsí oiriúnacha maoinithe a mholadh chun caiteachas a bhainistiú agus buiséad a ullmhú

2.12 Cuntas airgid a ullmhú chun monatóireacht a dhéanamh ar ioncam a fuair eagraíocht agus ar íocaíochtaí a rinne sí, measúnú a dhéanamh ar a staid airgeadais agus plean gníomh a mholadh; figiúir a phostáil sna mórleabhair iomchuí agus comhardú trialach a fháil

2.13 Cuntais deiridh a ullmhú chun feidhmíocht airgeadais eagraíochta ag deireadh tréimhse trádála a mheas, anailís agus measúnú a dhéanamh ar a staid airgeadais agus plean gnímh a mholadh

## Snáithe 3: Ár ngeilleagar

Cuireann Ár ngeilleagar ar chumas an scoláire an caidreamh dinimiciúil idir cúrsaí eacnamaíochta go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a thuiscint. Forbraíonn sé cumas an scoláire chun bun choincheapa eacnamaíochta a shainaithint agus a thuiscint faoi mar a bhaineann siad le hairgeadas pearsanta, le fiontraíocht agus le geilleagar na hÉireann. Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire faoi éileamh agus soláthar earraí agus seirbhísí, faoi ról an rialtais i mbainistiú an gheilleagair, agus faoi shaincheisteanna eacnamaíochta amhail trádáil, fostaíocht agus ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach.

**GNÉITHE: Mo chuid acmhainní a bhainistiú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.1 Míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcaithfidh daoine aonair roghanna a dhéanamh mar gheall ar easpa acmhainní eacnamaíocha; torthaí féideartha na roghanna sin a thuar

3.2 Míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcomhoibríonn daoine aonair, eagraíochtaí (eagraíochtaí brabúis agus eagraíochtaí neamhbhrabúis) agus an rialtas le chéile chun acmhainní eacnamaíocha a úsáidtear chun táirgí agus seirbhísí a tháirgeadh a dháileadh

3.3 Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le hathruithe ar sholáthar agus éileamh earraí agus seirbhísí i margaí difriúla tionchar a imirt ar phraghsanna

3.4 Dealú idir foinsí difriúla ioncam rialtais agus caiteachas rialtais

**GNÉITHE: Cúrsaí gnó a fhiosrú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.5 Feidhm na cánach a scrúdú ó thaobh cúrsaí airgeadais, sóisialta, dlíthiúla agus eiticiúla de

3.6 Míniú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir le borradh eacnamaíoch tionchar dearfach agus diúltach a imirt ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol agus cur chun cinn na forbartha inbhuanaithe a chosaint

3.7 Díospóireacht a dhéanamh ar na himpleachtaí atá le domhandú na trádála, lena n áirítear na tairbhí agus na dúshláin don trádáil idirnáisiúnta

3.8 Plé a dhéanamh ar na tairbhí agus ar na dúshláin, idir eacnamaíoch agus shóisialta, a bhaineann le ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach

**GNÉITHE: Scileanna a úsáid don ghnó**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.9 Oiriúnacht táscairí eacnamaíocha a mhíniú amhail boilsciú, rátaí fostaíochta, rátaí úis, borradh eacnamaíoch, ioncam náisiúnta agus fiacha náisiúnta do dhaoine aonair agus don gheilleagar

3.10 A chuid eolais, agus faisnéis ó fhoinsí éagsúla meán, a úsáid chun saincheisteanna reatha eacnamaíochta a phlé agus tuairim eolasach a chur i láthair

3.11 Measúnú a dhéanamh ar thairbhí agus ar chostais beartas geilleagrach rialtais, agus iad siúd a bhaineann leas as na tairbhí agus iad siúd a bhíonn thíos leis na costais a mheas

# Gníomhaíocht: Láidreachtaí, Dúshláin & Deiseanna

| |
|---|
| **Láidreachtaí** |
| **Dúshláin** |
| **Deiseanna** |

## Measúnú Rangbhunaithe 2

| **Cur i Láthair** |
|---|


***Tá siad seo a leanas i measc na n-ábhar a d'fhéadfadh a bheith i gceist:***

- Cuairt allamuigh ar fhiontar áitiúil
- Iniúchadh ar scéal sna meáin a bhaineann le cúrsaí gnó
- Ceannairí i réimse gnó na hÉireann
- Iniúchadh ar thionchar eagraíochta ar phobal
- Tomhaltachas
- Iniúchadh ar shaincheist eacnamaíoch reatha
- Gairmeacha beatha i gcúrsaí gnó

D'fhéadfadh go mbeadh baint dhíreach ag an ábhar a roghnaítear le sain-inneachar de chuid an chúrsa nó d'fhéadfadh an scoláire rogha a dhéanamh staidéar a dhéanamh ar shaincheist a bhfuil tábhacht phearsanta nó áitiúil léi, ar an gcuntar go mbaineann sí leis an timpeallacht ghnó

Ní féidir leis an scoláire cur i láthair a dhéanamh ar a Mheasúnú Rangbhunaithe don Ghnó á chur i ngníomh.

# Gnéithe den Mheasúnú Foirmtheach




## Macnamh an Mhúinteora

1 — 10

Intinní Foghlama & Critéir Ratha a chomhroinnt

Plé & Ceistiú

Aiseolas Foirmitheach

Scoláirí a ghníomhachtú ina n-acmhainní ag a chéile

Scoláirí a ghníomhachtú ina n-acmhainní acu féin

# Aonad Foghlama: A bheith i do Thomhaltóir Eolasach

**Torthaí Foghlama i bhFócas:**

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**

| |
|---|
| **1.7 Idirdhealú a dhéanamh idir a chearta agus a fhreagrachtaí mar thomhaltóir agus léirthuiscint a bheith aige dóibh** |
| 1.8 **Comparáid a dhéanamh idir na seirbhísí a sholáthraíonn gníomhaireachtaí do thomhaltóirí** agus institiúidí airgeadais **chun cabhrú agus chun tacú le custaiméirí** |

**Príomhchoincheapa:**

| |
|---|
| **Tomhaltóir, Reachtaíocht Tomhaltais, Cearta agus Freagrachtaí Tomhaltóirí, Gníomhaireachtaí do Thomhaltóirí** |

**<u>Intinní Foghlama:</u>**

1. Ár gcearta agus ár gcuid freagrachtaí mar thomhaltóirí a thuiscint.
2. Tacaí a bhíonn ar fáil ó ghníomhaireachtaí do thomhaltóirí a aithint.
3. A bheith ábalta comhairle a chur ar tomhaltóirí i dtaca lena gcuid cearta agus freagrachtaí i gcásanna difriúla.

**<u>Critéir Ratha:</u>**

*Is féidir liom:*

1. Mo chearta agus mo chuid freagrachtaí mar thomhaltóir a aithint agus a mhíniú.
2. Mo chuid eolais agus tuisceana a úsáid chun comhairle a thabhairt maidir le cearta agus le freagrachtaí tomhaltóirí.
3. Comparáid a dhéanamh idir gníomhaireachtaí do thomhaltóirí, ina n-aithneoidh mé cosúlachtaí agus difríochtaí araon.

**<u>Réamheolas & Gníomhaíocht Ullmhúchain</u>**

Tosaíonn an múinteoir trí fhiafraí de scoláirí faoina dtuiscint ar an téarma 'tomhaltóir' chun tús a chur leis an bplé agus chun a dtuiscint a fhorbairt.

Déanann scoláirí gníomhaíocht 'smaoinigh, péireáil, roinn' ar a bhfuil d'eolas acu faoi chearta agus faoi fhreagrachtaí tomhaltóirí. Glacann an múinteoir leis an aiseolas agus taifeadann an t-eolas ar smeach-chairt leagtha amach mar a bheadh t-chairt ann. Cabhraíonn an t-chairt le scoláirí idirdhealú a dhéanamh idir cearta agus freagrachtaí.

**<u>Eolas agus Tuiscint Scoláirí a Fhorbairt:</u>**

Tugtar treoir do scoláirí breathnú ar fhíseán Powtoon ar chúrsaí tomhaltóireachta, agus bileog oibre bunaithe air sin a dhéanamh. Roinntear scoláirí ina mbeirteanna. Caithfidh gach duine den bheirt scoláirí 2 rannóg as 4 cinn ar a mbileog oibre féin a dhéanamh. Pléann na péirí ansin a gcuid torthaí agus cuireann na freagraí i dtoll a chéile. Ansin glacann an múinteoir aiseolas ó na péirí difriúla.

4 cheannteideal do na bileoga oibre

1. Cearta Tomhaltóirí (earraí & seirbhisí)
2. Freagrachtaí Tomhaltóirí
3. Cearta Tomhaltóirí ar líne
4. Gníomhaireachtaí do Thomhaltóirí

***Ceacht Féideartha Obair Baile***: De réir na gceannteideal ar an mbileog oibre agus ar an aiseolas a fuarthas ón rang iarrtar ar na scoláirí mapa intinne a fhorbairt chun a dtuiscint ar chearta agus ar fhreagrachtaí do thomhaltóirí a léiriú ag úsáid formáidí páipéir nó digiteacha ar nós Coggle, Popplet nó XMind.

**Eolas agus Tuiscint a Chur i bhFeidhm**

Ag úsáid cur chuige 'Triad' chun grúpobair a struchtúrú, briseann na scoláirí ina ngrúpaí de thriúr agus tugtar an bhileog oibre dóibh ar a bhfuil 3 shuíomh fhéideartha dhifriúla tomhaltais. Tá Duine 1 le bheith ina thomhaltóir agus léann se amach an suíomh, míníonn an duine atá ar thaobh na láimhe clé den tomhaltóir na cearta agus na freagrachtaí atá i gceist agus míníonn an duine atá ar thaobh na láimhe deise cad é is cóir don té a dhéanamh ina dhiaidh sin. Déantar é sin arís is arís sa chaoi go mbeidh seans ag gach duine a bheith ina thomhaltóir. Ansin dáileann an múinteoir cártaí eolais ar CCPC agus ar an CAI agus iarrann ar scoláirí plé a dhéanamh ina ngrúpa dóibh, ‘Conas a d’fhéadfadh na gníomhaireachtaí do thomhaltóirí seo cabhrú leis an tomhaltóir i ngach cás acu sin thuas?'

**Meastóireacht ar Fhoghlaim Scoláirí:**

Samhlaigh go n-iarrtar ort scríobh do bhlagleathanach na scoile chun a gcuid cearta agus freagrachtaí tomhaltóirí a chur in iúl do scoláirí. Breathnaigh ar roinnt blaganna samplacha ar líne agus tabhair faoi deara an struchtúr soiléir, an réamhrá láidir a bhíonn acu agus go dtugann siad eolas úsáideach.

**Critéir Ratha don bhlagphostála *(tá siad seo mar an gcéanna leis na critéir don phróiseas iomlán foghlama, níl ann ach go dtugtar i bhfoclaíocht eile iad chun oiriúint do stíl an bhlag).***

*I mo phostáil blag, is é a dhéanfaidh mé:*

1. Mo chearta agus mo chuid freagrachtaí mar thomhaltóir a shainaithint agus a mhíniú.
2. Mo chuid eolais agus mo thuiscint a úsáid chun comhairle a thabhairt maidir le cearta agus le freagrachtaí tomhaltóirí i suíomh féideartha ar leith.
3. Comparáid a dhéanamh idir gníomhaireachtaí tacaíochta do thomhaltóirí, ina n-aithneoidh mé idir chosúlachtaí agus dhifríochtaí.

Leath bealaigh tríd an gceacht iarrtar ar scoláirí stopadh agus na critéir ratha a úsáid chun seiceáil agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid oibre.

## Gníomhaíocht: Cearta agus Freagrachtaí Tomhaltóra

### An Tomhaltóir

| Cearta | Freagrachtaí |
|---|---|
| | |

# Bileog Oibre Tomhaltóra 'Powtoon'

Scoláire 1

Scoláire 2

| Cearta Tomhaltóirí (Earraí & Seirbhísí) | Cearta Tomhaltóirí ar líne |
|---|---|
| | |
| **Freagrachtaí Tomhaltóirí** | **Gníomhaireachtaí do Thomhaltóirí** |
| | |


# Gníomhaíocht: Cásanna Tomhaltóra

| | Cás | Cearta agus Freagrachtaí? | Cad é ina dhiaidh sin? | Conas is féidir le gníomhaireachtaí do thomhaltóirí tacú linne mar thomhaltóirí? |
|---|---|---|---|---|
| 1. | Cheannaigh tú péire bróga scoile i mí Lúnasa agus faoi Dheireadh Fómhair tá an bonn ag titim den bhróg chlé. | | | |
| 2. | D'ordaigh tú ceamara bándearg ar líne do lá breithe do dheirfiúirín. Nuair a thagann sé tá sé an dath mícheart agus is cineál difriúil atá ann. | | | |
| 3. | Ceannaíonn do chara ríomhaire nua glúine ach doirteann sé gloine uisce ar an eochairchlár an lá dár gcionn. Is mian leis cúiteamh a fháil. | | | |

# Gníomhaíocht: Gníomhaireachtaí Tacaíochta

| An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT) www.ccpc.ie | Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann (CTÉ) www.thecai.ie |
|---|---|
| • Foras reachtúil bunaithe de réir an dlí<br>• Tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta<br>• Leas tomhaltóirí a chur chun cinn<br>• Feachtais feasacht poiblí a reáchtáil<br>• Aighneachtaí a chur faoi bhráid an rialtais a chuireann bonn eolais faoi agus a imríonn tionchar ar chúrsaí polasaí<br>• Dlíthe tomhaltais a chur i bhfeidhm<br>• Líne chabhrach do thomhaltóirí agus suíomh gréasáin a fheidhmiú<br>• Freagrachtaí maidir le sábháilteacht táirgí<br>• Faisnéis agus oideachas faoi airgeadas pearsanta<br>• Réiteach malartach díospóidí - féachaint le díospóidí a réiteach idir tomhaltóirí agus trádálaithe lasmuigh den chúirt<br>• Saorfhaisnéis do chách | • Eagraíocht neamhspleách, neambhrabúis, neamh-rialtasach, arna maoiniú ag na baill tomhaltais<br>• Tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta<br>• Leas tomhaltóirí a chur chun cinn<br>• Feachtais a reáchtáil ar cheisteanna áirithe<br>• Stocaireacht a dhéanamh ar an rialtas agus ar eagraíochtaí eile thar ceann tomhaltóirí<br>• Déanann taighde agus tuairiscí ar réimsí a mbíonn spéis ag tomhaltóirí iontu<br>• Foilsíonn an iris *Consumer Choice*, ina mbíonn tuairiscí ar thorthaí taighde maidir le táirgí agus le seirbhísí ar spéis le tomhaltóirí iad<br>• Tugann faisnéis faoi phleanáil le haghaidh do chuid airgid<br>• Tá roinnt den fhaisnéis saor ach ní mór duit a bheith i do bhall den CTÉ chun lántairbhe a bhaint as |

# Dréimire an Aiseolais



# Aiseolas Foirmitheach



## YOUR CONSUMER RIGHTS

A CONSUMER IS SOMEONE WHO BUYS GOODS AND SERVICES FOR THEIR OWN USE. WE ARE ALL CONSUMERS AND WE BUY GOODS AND SERVICES ONLINE AND IN SHOPS. WE HAVE RIGHTS AS CONSUMERS

## CONSUMER RIGHTS

YOUR RIGHTS AS A CONSUMBER ARE THAT YOU ARE NEVER TAKEN ADVANTAGE OF WHEN SHOPPING

- GOODS OF MERCHATABLE QUALITY
- GOODS ARE FIT FOR PURPOSE (EG GLUE)
- GOODS ARE AS DESCRIBED

## AGENCIES THAT SUPPORT CONSUMERS

THERE ARE MANY AGENCIES THAT SUPPORT CONSUMERS. TWO ONES ARE THE CCPC AND THE CAI. THEY ARE THE SAME BUT THE DIFFERENCE BETWEEN THEM IS THAT THE CAI IS MADE BY CONSUMERS FOR CONSUMERS AND THE CCPC IS MADE BY THE GOVERNMENT FOR CONSUMERS

## USING YOUR RIGHTS IN A SCENARIO

I WENT INTO A SPORTSHOP IN TOWN AND WENT OVER TO THE REDUCED RAIL AND I SAW A NICE PAIR OF SHOES AT A BARGAIN PRICE. TWO DAYS LATER THE SOLE STARTED TO COME OFF. I WONDER IF I HAVE ANY RIGHTS IN THIS SITUATION. I KNOW THAT THE SOLE SHOULDN'T HAVE COME OFF THE SHOES EVEN THOUGH THEY WERE REDUCED. I HAVE MY RECEIPT SO I WILL GO BACK TO THE SHOP AND ASK FOR A REPLACEMENT OR A REFUND. IT IS MY RESPONSIBILITY TO GO BACK TO THE SELLER

**Moladh**
Smaoinigh ar na freagrachtaí a bhí agat i do chás agus úsáid iad agus an mapa intinne ón Powtoon chun do chuid oibre maidir le freagrachtaí tomhaltóra a fheabhsú

**Imní**
Ag déanamh iontais faoi fhreagrachtaí – ní dhearna tú tagairt do fhreagrachtaí tomhaltóra in aon chorr sa bpíosa seo

**Soiléiriú**
Ní dóigh liom go ndearna tú tagairt do na cosúlachtaí atá idir na seirbhísí a chuireann na gníomhaireachtaí seo ar fáil?

**Luach**
Tá an cás seo an-mhaith de bharr go míníonn tú é go soiléir agus déanann tú tagairt do chearta agus freagrachtaí


# Gníomhaíocht: Príomh Scileanna na Sraithe Sóisearaí

| |
|---|
| **Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú**<br>A bheith fiosrach<br>Eolas agus sonraí a bhailiú, a eagrú agus a mheas<br>Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil<br>Athmhachnamh agus meastóireacht ar mo chuid foghlama<br>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt |
| **Obair le daoine eile**<br>An dea-chaidreamh a fhorbairt agus plé le coimhlint<br>Ag comhoibriú<br>Meas a bheith agam<br>Ag cuidiú le háit níos fearr a dhéanamh den domhan<br>Foghlaim le daoine eile<br>Obair le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach |
| **Mé féin a bhainistiú**<br>Aithne orm féin<br>Cinntí ciallmhara a dhéanamh<br>Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach<br>A bheith in ann athmhachnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin<br>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun mé féin agus mo chuid foghlama a bhainistiú |

# Ag Nascadh Torthaí Foghlama

## Nascadh

| Snáithe | Uimh. | Torthaí Foghlama | # naisc | Láidir | Meán | Níos Laige |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Snáithe 1 – Airgeadas Pearsanta | 1.1 | Athbhreithniú ar acmhainní pearsanta | 8 | 1.2, 1.3, 3.1 | 1.5, 1.9, 3.2, 3.4, 3.6 | |
| | 1.2 | Ioncam agus caiteachas | 21 | 1.1, 1.3, 1.11, 1.12, 1.13, 2.10, 2.11, 2.12, 3.1, 3.2, 3.4, 3.10, 3.11 | 1.5, 1.6 | 1.4, 1.9, 1.10, 2.3, 2.4, 3.3 |
| | 1.3 | Saolré airgeadais pearsanta | 7 | 1.1, 1.2, 1.5, 1.6, 3.1, 3.2 | | 2.3 |
| | 1.4 | Príomhchánacha Pearsanta | 9 | 1.11, 3.2, 3.3, 3.4, 3.5, 3.10, 3.11 | | 1.2, 1.5 |
| | 1.5 | Coigilt agus iasachtaí | 14 | 1.3, 1.8, 3.2 | 1.1, 1.2, 1.12, 1.13, 2.11, 3.5 | 1.4, 1.10, 1.11, 3.4, 3.9 |
| | 1.6 | Árachas Pearsanta do riachtanais phearsanta | 7 | 1.5, 1.11 | 1.2, 1.12, 1.13, 2.1, 3.1 | |
| | 1.7 | Cearta agsu Freagrachtaí Tomhaltóra | 6 | 1.8, 1.9, 1.10 | 3.1, 3.7, 3.8 | |
| | 1.8 | Seirbhísí Gníomhaireachtaí Tomhaltóra agus Inst. Airgeada | 4 | 1.5, 1.7, 1.9, 1.10 | | |
| | 1.9 | Iompraíocht Tomhaltóra - Eitic agus inbhuanaitheacht | 16 | 1.7, 1.8, 1.10, 2.5, 3.1, 3.5, 3.6, 3.7 | 1.1, 3.3 | 1.2, 2.4, 2.7, 2.8, 3.4, 3.9 |
| | 1.10 | Domhandú, teicneolaíocht agus rogha do thomhaltóirí | 11 | 1.7, 1.8, 1.9, 2.6, 3.1, 3.7, 3.8 | 2.7 | 1.2, 1.5, 2.8 |
| | 1.11 | Duilleog phá agus dliteanas cánach | 10 | 1.2, 1.4, 1.6, 3.4, 3.5 | 2.3 | 1.5, 1.12, 1.13, 2.8 |
| | 1.12 | Buiséad | 8 | 1.2, 2.11, 3.4 | 1.5, 1.6, 1.13 | 1.11, 2.3 |
| | 1.13 | Ioncam agus Caiteachas / Ráiteas Bainc | 8 | 1.2, 2.12, 2.13 | 1.5, 1.6, 1.12 | 1.11, 3.4 |
| Snáithe 2 – Fiontraíocht | 2.1 | Fiontair airgeadais, chultúrtha agus shóisialta | 8 | 2.2, 2.5, 3.2 | 1.6, 2.3, 3.4, 3.5, 3.6 | |
| | 2.2 | Fiontraíocht agus an Fiontraí | 9 | 2.1, 2.3, 2.4, 3.2, 3.6 | 2.9, 3.1 | 2.7, 2.8 |
| | 2.3 | Fostaíocht - Obair - Obair dheonach | 10 | 2.2, 2.4, 3.1, 3.10, 3.11 | 1.11, 2.1 | 1.2, 1.3, 1.12 |
| | 2.4 | Cearta agus Freagrachtaí an fhostóra agus an fhostaí | 8 | 2.2, 2.3, 3.4 | 2.5, 3.6, 3.11 | 1.2, 1.9 |
| | 2.5 | Tionchair dhearfacha agus dhiúltacha - eagraíocht | 9 | 1.9, 2.1, 3.6, 3.7, 3.9, 3.10 | 2.4, 2.6, 3.11 | |
| | 2.6 | Teicneolaíocht Dhigiteach - luach saothair & costais | 5 | 1.10, 3.7 | 2.5, 2.7, 2.8 | |
| | 2.7 | Taighde Margaíochta | 7 | 2.8, 2.9, 3.3 | 1.10, 2.6 | 1.9, 2.2 |
| | 2.8 | Cumasc Margaíochta | 8 | 2.7, 2.9 | 2.6, 3.3 | 1.9, 1.10, 1.11, 2.2 |
| | 2.9 | Plean Gnó | 8 | 2.7, 2.8 | 2.2, 2.10, 3.3 | 2.11, 2.12, 2.13 |
| | 2.10 | Doiciméid Ghnó | 8 | 1.2, 2.11, 2.12, 2.13, 3.2, 3.4 | 2.9 | 3.5 |
| | 2.11 | Sreabhadh airgid | 9 | 1.2, 1.12, 2.10, 2.12, 2.13, 3.2, 3.4 | 1.5 | 2.9 |
| | 2.12 | Leabhar airgid/mórleabhair/comhardú trialach | 7 | 1.2, 1.13, 2.10, 2.11, 2.13, 3.2 | | 2.9 |
| | 2.13 | Cuntais Deiridh | 6 | 1.13, 2.10, 2.11, 2.12, 3.2 | | 2.9 |
| Snáithe 3 – Ár nGeilleagar | 3.1 | Rogha & easpa achmainní | 14 | 1.1, 1.2, 1.3, 1.9, 1.10, 2.3, 3.2, 3.3, 3.10, 3.11 | 1.6, 1.7, 2.2, 3.6 | |
| | 3.2 | Sreabhadh ciorclach ioncaim | 18 | 1.2, 1.3, 1.4, 1.5, 2.1, 2.2, 2.10, 2.11, 2.12, 2.13, 3.1, 3.4, 3.5, 3.9, 3.10, 3.11 | 1.1, 3.6 | |
| | 3.3 | Soláthar agus éileamh | 13 | 1.4, 2.7, 3.1, 3.5, 3.6, 3.7, 3.8, 3.10, 3.11 | 1.9, 2.8, 2.9 | 1.2 |
| | 3.4 | Ioncam agus caiteachas rialtais | 18 | 1.2, 1.4, 1.11, 1.12, 2.4, 2.10, 2.11, 3.2, 3.5, 3.8, 3.9, 3.10, 3.11 | 1.1, 2.1 | 1.5, 1.9, 1.13 |
| | 3.5 | Feidhm na Cánach | 12 | 1.4, 1.9, 1.11, 3.2, 3.3, 3.4, 3.9, 3.10, 3.11 | 1.5, 2.1 | 2.10 |
| | 3.6 | Tionchar borradh eacnamaíoch | 14 | 1.9, 2.2, 2.5, 3.3, 3.7, 3.9, 3.10, 3.11 | 1.1, 2.1, 2.4, 3.1, 3.2, 3.8 | |
| | 3.7 | Trádáil Dhomhanda | 10 | 1.9, 1.10, 2.5, 2.6, 3.3, 3.6, 3.8, 3.10, 3.11 | 1.7 | |
| | 3.8 | Ballraíocht san Aontas Eorpach | 9 | 1.10, 3.3, 3.4, 3.7, 3.9, 3.10, 3.11 | 1.7, 3.6 | |
| | 3.9 | Táscairí eacnamaíochta | 10 | 2.5, 3.2, 3.4, 3.5, 3.6, 3.8, 3.10, 3.11 | | 1.5, 1.9 |
| | 3.10 | Saincheisteanna Reatha Eacnamaíochta | | Snáithe 1 - Airgeadas Pearsanta; Snáithe 2 - Fiontraíocht; Snáithe 3- Ár nGeilleagar | | |
| | 3.11 | Beartas geilleagrach rialtais | | Snáithe 1 - Airgeadas Pearsanta; Snáithe 2 - Fiontraíocht; Snáithe 3- Ár nGeilleagar | | |



**Láidreacht an naisc:** Láidir | Meán | Níos Laige

# Aonad Foghlama Roinne

**Ainm an Aonaid:** **Bliainghrúpa:**

P L E A N Á I L A G L E I B H É A L N A R O I N N E

| **Torthaí Foghlama:**<br>*Ón tSonraíocht* | **Príomhchoincheapa:**<br>*Eolas agus Tuiscint, Scileanna, Luachanna* |
|---|---|
| **Eispéiris Foghlama Fhéideartha:**<br>*Gníomhaíochtaí saibhre foghlama do scoláirí, deiseanna chun Príomhscileanna a fhorbairt agus chun Measúnú Foirmitheach a úsáid* | |
| **Meastóireacht ar Fhoghlaim Scoláirí:**<br>*Cad é a déarfaidh, a thógfaidh, a scríobhfaidh nó a dhéanfaidh scoláirí chun a gcuid foghlama agus tuisceana a léiriú?* | |

## I DO SHEOMRA RANGA FÉIN

M Ú I N T E O I R A O N A I R

| | |
|---|---|
| **Intinní Foghlama** | |
| **Critéir Ratha** | |
| **Eispéiris Foghlama Eile** | |
| **Meastóireacht ar an bhFoghlaim (más éagsúil)** | |

***Machnamh/Nótaí an Mhúinteora:***

# Torthaí Foghlama Féideartha d'Aonaid Foghlama

**Príomh Dhoiciméid Ghnó**

***Tortha(Í) Foghlama***

2.10 Cáipéisí tábhachtacha gnó a úsáideann eagraíocht ar chúinsí cuntasachta chun a cuid idirbheart a bhainistiú a chur i gcrích agus a léirmhíniú

***Príomhchoincheapa***

Seicheamh doiciméad, litir fiosrúcháin, meastachán, foirm ordaithe, sonrasc, nóta creidmheasa, duillín seachadta, ráiteas cuntais, admháil. Doiciméid a léirmhíniú (ag úsáid eolais agus tuisceana chun treochtaí a aithint agus teacht ar thátail ó fhaisnéis a thugtar).

**Saol na hOibre**

***Tortha(Í) Foghlama***

2.3 Dealú idir fostaíocht, obair agus saorálaíochas, agus gnéithe, tairbhí, luach saothair agus gairmeacha laistigh díobh uile a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu

2.4 Idirdhealú a dhéanamh idir cearta agus freagrachtaí an fhostóra agus an fhostaí ó thaobh seasamh dlíthiúil, sóisialta, comhshaoil agus eiticiúil de

***Príomhchoincheapa***

Fostaí & Fostóir, Gnéithe, Sochair/Buntáistí, Luaíochtaí, Gairmeacha. Cearta agus Freagrachtaí, Dearcthaí Dlíthiúla, Sóisialta, Comhshaoil, Eiticiúla, Caidreamh san Ionad Oibre, Caidreamh Tionsclaíoch, Aighnis Tionsclaíocha, Ceardchumainn.

**Gnó Idirnáisiúnta**

***Tortha(Í) Foghlama***

3.7 Díospóireacht a dhéanamh ar na himpleachtaí atá le domhandú na trádála, lena n áirítear na tairbhí agus na dúshláin don trádáil idirnáisiúnta

3.8 Plé a dhéanamh ar na tairbhí agus ar na dúshláin, idir eacnamaíoch agus shóisialta, a bhaineann le ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach

***Príomhchoincheapa***

Geilleagar beag oscailte na hÉireann. Allmhairí agus onnmhairí sofheicthe agus dofheicthe, comhardú na trádála & comhardú na n-íocaíochtaí, domhandú na trádála, páirtnéirí trádála, airgeadra eachtrach, infheistíocht dhíreach eachtrach, OTI agus OTN, buntáistí agus dúshláin na trádála, stair bhunúsach agus feidhm Aontas na hEorpa, sochair agus dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta bhallraíocht an AE.

**Coigilteas agus Iasacht**

***Tortha(Í) Foghlama***

1.5 Cúiseanna a shainaithint chun airgead a choigilt agus a fháil ar iasacht, na cúiseanna sin a cheangal le foinsí cuí airgeadais a aimsiú i ndáil lena gcuspóir, lena gcostais agus lena rioscaí

***Príomhchoincheapa***

An fáth a sábháiltear airgead, an áit lena shábháil. Foinsí iasachta gearr-, meán-, fadtéarmacha. Acmhainneacht creidmheasa, costas agus cuspóir an iasachta, an riosca a théann le hiasachtaí, mainneachtain, Rátaí úis, foinse a mheaitseáil le díth, comhthaobhacht / urrús, fiacha a thuiscint, institiúidí airgeadais, rátaí seasta agus athraitheacha.

**Teicneolaíochtaí Digiteacha**

***Tortha(Í) Foghlama***

2.6 Tionchar teicneolaíochtaí digiteacha ar eagraíocht a phlé agus díospóireacht a dhéanamh faoin luach saothair agus faoi na costais a bhaineann leo

***Príomhchoincheapa***

Cé leis a ndéanann eagraíochtaí cumarsáid; Teicneolaíochtaí cumarsáide; riachtanais teicneolaíochta a mheaitseáil leis an eagraíocht; feidhmchlár a úsáidtear in eagraíochtaí le haghaidh cuspóirí difriúla; faisnéis a stóráil agus a bhainistiú; cosaint sonraí; néalríomhaireacht; tionchar na dteicneolaíochtaí digiteacha ar eagraíocht.

**Margaíocht agus Pleanáil Ghnó**

***Tortha(Í) Foghlama***

2.7 Taighde margaidh a dhéanamh chun deis fiontraíochta a iniúchadh agus anailís a dhéanamh ar thorthaí an taighde, iad a léirmhíniú agus iad a chur in iúl agus úsáid á baint as téarmaíocht agus as léiriúcháin ábhartha

2.8 Cumasc margaíochta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun táirge nó seirbhís nua nó ceann atá ann cheana a chur chun cinn

2.9 Plean gnó simplí a fhorbairt do tháirge nó do sheirbhís nua nó do cheann atá ann cheana

***Príomhchoincheapa***

Modhanna Taighde - Príomha agus Tánaisteacha, Torthaí Taighde a Anailísiú agus a Chur i Láthair, Táirge, Praghas, Áitreabh, Promóisean, Plean Gnó – Cuspóir agus Leagan Amach

## Do rogha féin:

***Tortha(Í) Foghlama***

***Príomhchoincheapa***

# Pleananna Samplacha

| Plean Chéad Bhliana Roinn an Staidéir Ghnó (2016/2017) | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Lúnasa – Lárthéarma**<br>**Tuairim ar 8.5 seachtaine** | **Samhain – Nollaig**<br>**Tuairim ar 7 seachtaine** | **Eanáir – Lárthéarma**<br>**Tuairim ar 6 seachtaine** | **Feabhra - Cáisc**<br>**Tuairim ar 6 seachtaine** | **Cáisc – Samhradh**<br>**Tuairim ar 6 seachtaine** |
| **Aonad Foghlama 1**<br>"Acmhainní"<br>**Torthaí Foghlama**<br>Ár nGeilleagar: 3.2<br>Airgeadas Pearsanta:1.1<br>Airgeadas Pearsanta: 1.3<br>**Aonad Foghlama**<br>"A Bheith i do Thomhaltóir"<br>**Torthaí Foghlama**<br>Airgeadas Pearsanta: 1.7<br>Airgeadas Pearsanta: 1.8 | **Aonad Foghlama 3**<br>"Ioncam agus Caiteachas a Phleanáil"<br>**Torthaí Foghlama**<br>Airgeadas Pearsanta: 1.2<br>Airgeadas Pearsanta:1.11<br>Airgeadas Pearsanta: 1.12 | **Aonad Foghlama 4**<br>"Tomhaltachas Eiticiúil agus Domhanda"<br>**Torthaí Foghlama**<br>Airgeadas Pearsanta: 1.9<br>Airgeadas Pearsanta:1.10 | **Aonad Foghlama 5**<br>"Fiontraíocht"<br>**Torthaí Foghlama**<br>Tionscnaíocht: 2.1<br>Tionscnaíocht: 2.2<br>**Aonad Foghlama 6**<br>"Ganntanas agus Rogha"<br>**Toradh Foghlama**<br>Ár nGeilleagar: 3.1 | **Aonad Foghlama 7**<br>"Soláthar agus Éileamh"<br>**Learning Outcome**<br>Ár nGeilleagar:3.3 |

| Dara Bliain Samplach (2017/2018) MRB 1 Fiontraíocht á Cur i nGníomh | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Lúnasa - Lár Téarma**<br>**Tuairim is 8 seachtaine** | **Samhain – Nollaig**<br>**Tuairim is 7 seachtaine** | **Eanáir – Lár Téarma**<br>**Tuairim is 5 seachtaine** | **Feabhra – Cáisc**<br>**Tuairim is 7 seachtaine**<br>**MRB 1*** | **Cáisc – Samhradh**<br>**Tuairim is 5.5 seachtaine**<br>**MRB 1*** |
| Aonad Foghlama 1<br>Airgeadas Pearsanta: 1.5<br>Aonad Foghlama 2<br>Airgeadas Pearsanta:1.13<br>Aonad Foghlama 3<br>***Fiontraíocht: 2.6*** | Aonad Foghlama 4<br>***Fiontraíocht: 2.7***<br>***Fiontraíocht: 2.8***<br>***Fiontraíocht: 2.9*** | Aonad Foghlama 5<br>***Fiontraíocht: 2.11***<br>Aonad Foghlama 6<br>Airgeadas Pearsanta:1.6 | Aonad Foghlama 7<br>***Ár nGeilleagar: 3.10***<br>**MRB 1**<br>Aonad Foghlama 8<br>Fiontraíocht: 2.10<br>Fiontraíocht: 2.12 | **MRB 1**<br>Aonad Foghlama 9<br>Airgeadas Pearsanta:1.4<br>Fiontraíocht: 2.4 |
| **Tríú Bliain Samplach (2018/2019)** | | | | |
| **Lúnasa – Lár Téarma**<br>**Tuairim is 8.5 seachtaine** | **Samhain – Nollaig**<br>**Tuairim is 7 seachtaine**<br>**MRB 2**** | **Eanáir – Lár Téarma**<br>**Tuairim is 5 seachtaine** | **Feabhra – Cáisc**<br>**Tuairim is 8 seachtaine** | **Cáisc – Samhradh**<br>**Tuairim is 5 seachtaine** |
| Aonad Foghlama 1<br>Fiontraíocht: 2.3<br>Fiontraíocht: 2.4<br>Aonad Foghlama 2<br>Ár nGeilleagar: 3.4<br>Aonad Foghlama 3<br>Fiontraíocht: 2.13 | Aonad Foghlama 3 ar Lean.<br>Fiontraíocht: 2.13<br>**MRB 2**<br>**AT** | Aonad Foghlama 4<br>Fiontraíocht: 2.5<br>Ár nGeilleagar: 2.6 | Aonad Foghlama 5 ar Lean.<br>Ár nGeilleagar: 3.7<br>Ár nGeilleagar: 3.8<br>Aonad Foghlama 6<br>Ár nGeilleagar: 3.9<br>Ár nGeilleagar: 3.11 | Aonad Foghlama 7<br>Ár nGeilleagar: 3.10<br>Súil Siar |

Torthaí Foghlama i gcló Trom Iodálach ailínithe le MRB 1

*MRB 1: Fiontraíocht á Cur i nGníomh - Dé Luain 12 Márta go Dé hAoine 20 Aibreán 2018 (4 seachtaine)

Torthaí Foghlama = 1.2 1.10 2.6 2.7 2.8 2.9 2.11 3.10

**MRB 2: Cur i Láthair - Dé Luain 12 Samhain go Dé hAoine 7 Nollaig 2018 (3 seachtaine)

Torthaí Foghlama = 1.3 1.7 1.9 1.10 2.1 2.2 2.4 2.5 2.6 3.1 3.5 3.9 3.10

## Dara Bliain Samplach (2017/2018) MRB 1 Eacnamaíocht á Cur i nGníomh

| Lúnasa - Lár Téarma | Samhain – Nollaig | Eanáir – Lár Téarma | Feabhra – Cáisc | Cáisc – Samhradh |
|---|---|---|---|---|
| Tuairim is 8 seachtaine | Tuairim is 7 seachtaine | Tuairim is 5 seachtaine | Tuairim is 7 seachtaine<br>MRB 1* | Tuairim is 5.5 seachtaine<br>MRB 1* |
| **Aonad Foghlama 1**<br>Airgeadas Pearsanta: 1.5<br><br>**Aonad Foghlama 2**<br>Airgeadas Pearsanta:1.13<br><br>**Aonad Foghlama 3**<br>Airgeadas Pearsanta:1.4<br>***Ár nGeilleagar: 3.4***<br>***Ár nGeilleagar: 3.5*** | **Aonad Foghlama 4**<br>Fiontraíocht: 2.10<br>Fiontraíocht: 2.12<br><br>**Aonad Foghlama 5**<br>***Fiontraíocht: 2.5***<br>***Ár nGeilleagar: 3.6*** | **Aonad Foghlama 5 ar Lean.**<br>***Fiontraíocht: 2.5***<br>***Ár nGeilleagar: 3.6***<br><br>**Aonad Foghlama 67**<br>Fiontraíocht: 2.6 | **Aonad Foghlama 7**<br>Ár nGeilleagar: 3.7<br>Ár nGeilleagar: 3.8<br><br>**MRB 1** | **MRB 1**<br><br>**Aonad Foghlama 8**<br>Fiontraíocht: 2.3<br>Fiontraíocht: 2.4 |

## Tríú Bliain Samplach (2018/2019)

| Lúnasa – Lár Téarma | Samhain – Nollaig | Eanáir – Lár Téarma | Feabhra – Cáisc | Cáisc – Samhradh |
|---|---|---|---|---|
| Tuairim is 8.5 seachtaine | Tuairim is 7 seachtaine<br>MRB 2** | Tuairim is 5 seachtaine | Tuairim is 8 seachtaine | Tuairim is 5 seachtaine |
| **Aonad Foghlama 1**<br>Fiontraíocht: 2.7<br>Fiontraíocht: 2.8<br>Fiontraíocht: 2.9<br><br>**Aonad Foghlama 2**<br>Fiontraíocht: 2.11 | **Aonad Foghlama 3**<br>Airgeadas Pearsanta: 1.6<br><br>**MRB 2**<br>**AT** | **Aonad Foghlama 4**<br>Fiontraíocht: 2.13 | **Aonad Foghlama 6**<br>Ár nGeilleagar: 3.9<br>Ár nGeilleagar: 3.11<br><br>**Aonad Foghlama 7**<br>Ár nGeilleagar: 3.10 | Súil Siar |

Torthaí Foghlama i gcló Trom Iodálach ailínithe le MRB 1
*MRB 1: Eacnamaíocht á Cur i nGníomh - Dé Luain 12 Márta go Dé hAoine 20 Aibreán 2018 (4 seachtaine)
Torthaí Foghlama = 1.1 2.5 3.1 3.2 3.3 3.4 3.5 3.6
**MRB 2: Cur i Láthair - Dé Luain 12 Samhain go Dé hAoine 7 Nollaig 2018 (3 seachtaine)
Torthaí Foghlama = 1.3 1.7 1.9 1.10 2.1 2.2 2.4 2.5 2.6 3.1 3.5 3.9 3.10

## Dara Bliain Samplach (2017/2018) MRB 1 Airgeadas á Chur i nGníomh

| Lúnasa - Lár Téarma | Samhain – Nollaig | Eanáir – Lár Téarma | Feabhra – Cáisc | Cáisc – Samhradh |
|---|---|---|---|---|
| Tuairim is 8 seachtaine | Tuairim is 7 seachtaine | Tuairim is 5 seachtaine | Tuairim is 7 seachtaine<br>MRB 1* | Tuairim is 5.5 seachtaine<br>MRB 1* |
| **Aonad Foghlama 1**<br>***Airgeadas Pearsanta: 1.5***<br><br>**Aonad Foghlama 2**<br>Airgeadas Pearsanta:1.13<br><br>**Aonad Foghlama 3**<br>***Airgeadas Pearsanta:1.4***<br>***Ár nGeilleagar:3.5*** | **Aonad Foghlama 4**<br>***Fiontraíocht: 2.11***<br><br>**Aonad Foghlama 5**<br>***Fiontraíocht: 2.10***<br>***Fiontraíocht: 2.12*** | **Aonad Foghlama 6**<br>Fiontraíocht: 2.3<br>Fiontraíocht: 2.4<br><br>**Aonad Foghlama 7**<br>***Fiontraíocht: 2.13*** | **Aonad Foghlama 7 ar Lean.**<br>***Fiontraíocht: 2.13***<br><br>**Aonad Foghlama 8**<br>Fiontraíocht: 2.5<br>Ár nGeilleagar: 3.6<br><br>**MRB 1** | **MRB 1**<br><br>**Aonad Foghlama 8 ar Léan.**<br>Fiontraíocht: 2.5<br>Ár nGeilleagar: 3.6 |

## Tríú Bliain Samplach (2018/2019)

| Lúnasa – Lár Téarma | Samhain – Nollaig | Eanáir – Lár Téarma | Feabhra – Cáisc | Cáisc – Samhradh |
|---|---|---|---|---|
| Tuairim is 8.5 seachtaine | Tuairim is 7 seachtaine<br>MRB 2** | Tuairim is 5 seachtaine | Tuairim is 8 seachtaine | Tuairim is 5 seachtaine |
| **Aonad Foghlama 1**<br>Fiontraíocht: 2.6<br><br>**Aonad Foghlama 2**<br>Fiontraíocht: 2.7<br>Fiontraíocht: 2.8<br>Fiontraíocht: 2.9 | **Aonad Foghlama 3**<br>Airgeadas Pearsanta: 1.6<br><br>**MRB 2**<br>**AT** | **Aonad Foghlama 4**<br>Ár nGeilleagar: 3.4<br><br>**Aonad Foghlama 5**<br>Ár nGeilleagar: 3.7<br>Ár nGeilleagar: 3.8 | **Aonad Foghlama 6**<br>Ár nGeilleagar: 3.9<br>Ár nGeilleagar: 3.11<br><br>**Aonad Foghlama 7**<br>Ár nGeilleagar: 3.10 | Súil Siar |

Torthaí Foghlama i gcló Trom Iodálach ailínithe le MRB 1
*MRB 1: Gnó á Chur i nGníomh - Dé Luain 12 Márta go Dé hAoine 20 Aibreán 2018 (4 seachtaine)
Torthaí Foghlama = 1.1 1.2 1.3 1.4 1.5 1.8 2.10 2.11 2.12 2.13 3.1 3.5
**MRB 2: Cur i Láthair - Dé Luain 12 Samhain go Dé hAoine 7 Nollaig 2018 (3 seachtaine)
Torthaí Foghlama = 1.3 1.7 1.9 1.10 2.1 2.2 2.4 2.5 2.6 3.1 3.5 3.9 3.10

Tabhair faoi deara: Beidh tionchar ag an rogha MRB 1 ar phleanáil don dara agus tríú bliain

# Aonad Foghlama Samplach – Coigilteas agus Iasacht

**Príomhchoincheapa**

An fáth a sábháiltear airgead, an áit lena shábháil. Foinsí iasachta gearr-, meán-, fadtéarmacha. Acmhainneacht creidmheasa, costas agus cuspóir an iasachta, an riosca a théann le hiasachtaí, mainneachtain, Rátaí úis, foinse a mheaitseáil le díth, comhthaobhacht / urrús, fiacha a thuiscint, institiúidí airgeadais, rátaí seasta agus athraitheacha.

## Torthaí Foghlama:

Airgeadas Pearsanta: 1.5

## Eispéiris foghlama fhéideartha:

1.5 Ionchur Múinteora – Príomhthéarmaí, sainmhínithe agus fiosrú ar phríomhchoincheapa.
1.5 Breathnaíonn scoláirí Físeán 1 agus pléann na fáthanna le haghaidh coigiltis.
1.5 Liostaíonn agus pléann scoláirí na hinstitiúidí éagsúla airgeadais chun airgead a shábháil iontu agus a fháil ar iasacht uathu ina gceantar féin.
1.5 Ina bpéirí dóibh úsáideann scoláirí an suíomh gréasáin Cabhair do Thomhaltóirí chun nótaí a fháil ar na táirgí difriúla coigiltis atá ar fáil agus cad é a gcaithfidh siad meabhrú air roimh chuntas coigiltis a oscailt. Ba chóir do scoláirí breathnú freisin ar Conas Sábháil ar Do Chuid Coigiltis le haghaidh tuilleadh eolais.
1.5 Breathnaíonn scoláirí Físeán 2 chun cabhrú leo roghanna difriúla iasachta a aithint agus a rangú don ghearr-, mheán-, fhadtéarma.
1.5 Breathnaíonn scoláirí Físeán 3 agus pléann cad é ar chóir dóibh cuimhneamh air roimh iasachtaí a fháil.
1.5 Tugann an múinteoir isteach coincheap na hacmhainneachta creidmheasa agus léann scoláirí Stair Do Chreidmheasa chun a dtuiscint a fhorbairt agus breacann siad síos nótaí.
1.5 Breathnaíonn scoláirí Físeán 4 agus téann siad chui suíomh gréasáin MABS chun a gcuid eolais agus a dtuiscint ar fhiachas a fhorbairt.
1.5 Breathnaíonn scoláirí Físeán 5 ansin téann siad ar líne chun taighde a dhéanamh ar na rátaí úis a ofrálann institiúidí difriúla airgeadais, ag díriú a n-airde ar rátaí seasta agus athraitheacha. Úsáideann an múinteoir plé ranga chun comhthuiscint ar rátaí seasta agus athraitheacha a fhorbairt.

## Meastóireacht Fhéideartha ar Fhoghlaim Scoláirí:

1.5 Réamheolas a ghníomhachtú le ceistiúchán agus/nó KWL
1.5 Breathnóireacht leanúnach ar phlé, le linn an cheistiúcháin agus an aiseolais
1.5 Meastóireacht ar Fhoghlaim Scoláirí (Grúpa). Dearann scoláirí feachtas eolais do phiaraí i dtaca leis an ngá chun sábháil agus na roghanna coigiltis atá ar fáil in institiúidí airgeadais ina gceantar.
1.5 Meastóireacht ar Fhoghlaim Scoláirí (Péirí). Téann scoláirí i mbun taighde ar iasachtaí le haghaidh gearr-, meán-, agus fadtéarma ar nithe a roghnaíonn siad féin agus costas agus riosca á gcur san áireamh.
1.5 Meastóireacht ar Fhoghlaim Scoláirí (Duine Aonair). Cruthaíonn scoláirí acmhainn chun comhairle a chur ar dhaoine óga i dtaca le cúrsaí iasachta.

## Acmhainní Féideartha:

http://www.consumerhelp.ie/paying-for-car
http://www.consumerhelp.ie/saving-investing
http://www.consumerhelp.ie/loans-and-credit
http://www.consumerhelp.ie/compare
https://dotsub.com/view/d23e96ab-7511-4ccf-925e-34b9dfc7d9f1 iasachtaí airgid a fháil i dtéarmaí simplí
http://www.makingcents.ie/category/loans
http://www.makingcents.ie/category/debt
http://www.financialeducation.ie/media/student_worksheets_031.pdf
http://www.creditunion.ie/whatweoffer/loans/
http://www.creditunion.ie/whatweoffer/savings/#d.en.141
http://www.citizensinformation.ie/en/money_and_tax/personal_finance/savings_and_investments/comparing_interest_on_savings_and_investments.html
https://www.bonkers.ie/compare-savings-accounts/
http://www.anpost.ie/AnPost/PostalRates/Savings+and+Investments.htm
http://www.irishtimes.com/sponsored/bank-of-ireland-first-time-buyers/get-mortgage-ready-the-10-questions-you-need-to-know-1.2677313
http://www.independent.ie/business/personal-finance/how-to-save-on-your-savings-35030237.html
https://www.mabs.ie/
https://www.moneyadviceservice.org.uk/en/articles/why-it-pays-to-save-regularly
http://www.irishtimes.com/business/personal-finance/how-to-borrow-money-the-easiest-way-1.1858171

# Nótaí

# Nótaí

# Nótaí

## Nótaí

# Nótaí


**Sonraí Teagmhála**

Oifig Riaracháin:

Monaghan Ed. Centre,

Armagh Road,

Monaghan.

www.metc.ie

Oifig an Stiúrthóir:

LMETB,

Chapel Street,

Dundalk.

Gach fiosrúchán chuig:

info@jct.ie


**Suíomh Úsáideach:**

www.jct.ie; www.juniorcycle.ie; www.ncca.ie; www.curriculumonline.ie; www.schoolself-evaluation.ie

Lean muid ar Twitter

@JCforTeachers

#JCTBusSt

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE for teachers